Bord Oideachais & Oiliúna
**LUIMNIGH & AN CHLÁIR**

**LIMERICK & CLARE**
Education & Training Board

# CAIRT UM DHÍNIT SAN IONAD OIBRE

# Cairt um Dhínit san Ionad Oibre

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tiomanta do bhearta a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn chun dínit na foirne a chosaint agus chun meas ar dhaoine eile ag an obair a spreagadh. Baineann an Chairt seo le gach ionad oibre de chuid an BOO.

Baintear amach dínit agus meas trí thimpeallacht oibre a chruthú atá saor ó chiapadh, ciapadh gnéasach, bulaíocht, ciníochas agus iompar dímheasúil, trí dhéileáil go héifeachtach le haon ghearáin faoi iompar den sórt sin, trí fháiltiú roimh éagsúlacht agus trí chomhionannas fostaíochta a chur chun cinn.

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag an gCairt um Dhínit san Ionad Oibre:

- Táthar ag súil go n-urramóidh gach duine a oibríonn in aon cheann dár n-ionaid oibre nó inár n-ionaid oibre go léir ceart gach duine chun dínite ina saol oibre.
- Déileálfar le gach duine agus tabharfar meas dóibh as a n-indibhidiúlacht agus a n-éagsúlacht.
- Níl bulaíocht ná ciapadh i bhfoirm ar bith inghlactha agus ní ghlacfar leo san ionad oibre seo.
- Tá sé de dhualgas ar gach duine, bídís fostaithe nó ar conradh anseo, seasamh leis an gcairt seo.
- Beidh ár mbeartais agus nósanna imeachta san ionad oibre mar bhonn agus mar thaca ag prionsabail agus cuspóirí na cairte seo, a ndéanfar athbhreithniú rialta orthu.
- Meicníocht a sholáthar chun líomhaintí a phróiseáil a thugann cearta iomlána do gach duine lena mbaineann i gcomhréir leis an gceartas nádúrtha.

Baineann an Chairt seo leis na baill foirne go léir, a bhfuil dualgas orthu a bheith ar an eolas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a n-iompar féin ar dhaoine eile. Baineann sé le himeachtaí a bhaineann leis an obair ar nós inseirbhíse, comhdhálacha agus imeachtaí sóisialta. Tá sé infheidhme freisin maidir le gach soláthraí seirbhíse, conraitheoir agus soláthróir.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tiomanta do na caighdeáin is airde ó thaobh soláthar seirbhíse de. Má fhaigheann tú amach gur sháraíomar an Chairt seo ar bhealach ar bith, cuir na nithe is údar imní duit in iúl do do Phríomhoide/Bhainisteoir Líne.

©Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022